

# AN LITIR

Liam Mac Cóil



An Chéad Eagrán 2011  
An Dara hEagrán 2014  
© Liam Mac Cóil 2011, 2014

ISBN 978-1-909907-42-3

Gach ceart ar cosnamh. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thairfeadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Íomhá ar leathanach 3 ó *La Scherma* le Francesco Alfieri (1640)

Clóchur, dearadh agus pictiúr clúdaigh: Caomhán Ó Scolaí  
Clódóireacht: Clódóirí Lurgan



Foras na Gaeilge  
*Tugann Foras na Gaeilge  
tacaíocht airgid do Leabhar Breac*



*Tugann an Chomhairle Ealaíon  
tacaíocht airgid do Leabhar Breac*

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.  
[www.leabharbreac.com](http://www.leabharbreac.com)

# I

## Réamhobair

Bhreathnaigh sé suas ar an gcruth dubh a bhí ina shuí in airde ar an trasnán. Ba gheall le préachán é murach na cosa fada a bhí faoi. Chorraigh an cruth é féin; fear a bhí ann ar ndóigh. Rug sé ar bharr an dréimire agus thosaigh ag dreapadh anuas. Nuair a tháinig a ghlúna cothrom le cloigeann liath an tseanfhir a bhí ina sheasamh thíos faoi ar an dréimire céanna, shín sé a lámh amach agus rug ar an rópa a bhí ag sileadh anuas ón trasnán, slat nó mar sin amach ón dréimire. Tháinig sé anuas, tuilleadh, go raibh a lámha cothrom le guaillí an tseanfhir. Thóg sé an dol idir a dhá láimh agus chuir thar chloigeann an tseanfhir é. Ghlan na scamail agus tháinig an ghrian amach. Bhí sé ina thráthnóna breá, an chéad lá den earrach, sa bhliain 1612.

Bhí an fear ard téagartha tar éis a bhealach a ghuailleáil tríd an slua. Anois agus radharc maith aige uirthi, níor fhéad sé a shúile a bhaint den chroch, an dá chuaille thiubha adhmaid, ceann ar gach taobh, agus an bíoma mór trasna orthu. Ar nós gach duine eile sa slua mór ar an gcnocán faoi bhun na croiche, bhí a shúile sáite sa dráma beag a bhí ar bun idir an dá chuaille úd. Bhí gach saghas duine ag brú ar a chéile ann, giollaí capaill agus mná tí, lucht ceirde i léinte

olla agus fir ghnó i seircíní dubha, bhí leanaí ar an gcíoch ann is seandaoine ar mhaidí siúil, iad uile ag plódú isteach sa spás leathan féaraigh idir tithe beaga sraithe Bhaile na Lochlannach agus ballaí arda maola na seanmhainistreach. Is fada ó bhí oiread daoine in aon áit amháin ar an taobh ó thuaidh d'abhainn na Life agus iad ar fad ag féachaint suas san aon treo amháin. Bhí líne de shaighdiúirí Sasanacha ag iarraidh iad a choinneáil siar agus faoi smacht, a gcuid pící agus halbard le feiceáil mar a bheadh fál spící iarainn os cionn cloigne na ndaoine. Bhí daoine eile crochta as fuinn-eoga na dtithe arda ar an taobh thuaidh den fhaiche, ach ní raibh aon duine, saighdiúirí nó eile, ag tabhairt aon airde orthu sin.

Má tá éadáil le breith agam as na himeachtaí seo, arsa an fear ard téagartha leis féin, is fearr dom a bheith chun tosaigh; ach ní chomh mór sin chun tosaigh is go dtarraing-eoinn suntas orm féin. Bhreathnaigh sé ar na giollaí ina n-éadaí donna taobh thiar d'fhál na saighdiúirí. Chonaic sé an lucht dlí agus an lucht riaracháin ina róbaí dubh agus bán. Chonaic sé an sagart ina sheasamh in aice leis an gcuaile ar dheis, a lámha ceangailte, é siúd freisin i mbéal a chrochta agus ag fanacht go ciúin ar a sheal féin an dréimire ard a dhreapadh. Chonaic sé an bord íseal chun tosaigh agus an tine dhearg i gciseán iarainn i ngar dó. Bhí saighdiúirí gach áit agus gan aon leisce orthu duine a shá nó a scoilteadh dá gcuirfidís as don obair oifigiúil.

Ba thír faoi dhaorsmacht í Éire anois, murab ionann agus an chaoi ar fhág sé í beagnach scór bliain ó shin. Ach bhí sé ar ais anois agus é socraithe aige a shaol a leasú agus

a chuid a dhéanamh ar a son. Déan do chuid ar son do mhuintire, ar son na saoirse, ar son an chreidimh chóir, arsa an sagart rúnda leis sa teach ósta i Cheapside. Cinnte d'airigh sé níos fearr ó d'fhreagair sé an glauch. Bhí sé in am aige a shaol á leasú. Bhí an rud ceart á dhéanamh aige, sa deireadh.

Ach bhí airgead uaidh. Bhí obair mhór roimhe agus ní íocfaí é go mbeadh gach rud curtha i gcrích aige. Theastaigh cúpla scilling idir an dá linn. Éadáil bheag agus imeacht sciobtha. Bhí turas fada roimhe. Dul i measc an tslua, a bheith deabhóideach, agus is cinnte go n-éireodh leis éadáil éigin a bhreith leis as an seó seo. Ar mhaithe le leas na hÉireann a bhí sé.

Ba gheall le gleacaí stáitse é an crochadóir, leithéidí na n-áilteoirí a bhí feicthe go minic i Londain aige, é á réiteach féin leis an gcleas dubh deireanach a dhéanamh. Os a choinne sin, bhí an crochadh seo éagsúil le haon rud a bhí feicthe thall aige, agus bhí go leor feicthe aige, idir chrochadh, dhrámaí stáitse, ghríosadh béar, abhlóireacht sráide, thithe léime. B'ionann iad uile: seónna, drámaí, plotáí áiféise, agus magadh agus maslú. Ach bhí an saol suarach sin fágtha ina dhiaidh aige. Ar son na córa a bhí sé anois.

Dar Dia, níor chosúil a raibh ar siúl anseo le haon cheann de na nithe a bhí feicthe thall aige. Ní ag magadh faoin suarachán a bhí i mbéal a chrochta a bhí an slua seo. Ní á mhaslú a bhí siad ar chor ar bith, ach ag lorg a bheannachta. Ná ní hé an Sax-Bhéarla a bhí na daoine timpeall air ag labhairt ach a theanga féin. B'aoibhinn leis í a chloisteáil arís ag na daoine. Cinnte, bhí sé san áit cheart sa deireadh agus

cúis mhaith aimsithe aige. A Mhaighdean Bheannaithe, is amhlaidh a bhí cuid acu ag breith bráillíní línéadaigh chun tosaigh. Chun fuil an duine mhairbh a cheapadh, céard eile; an fhuil a bhí le doirteadh nóiméad ar bith anois.

Ach fan go fóill. Bhí an seanfhear ag labhairt leis an slua arís. Rinne an fear ard téagartha mar a rinne na fir eile thart air agus bhain sé an hata leathan dá cheann. Tar éis an tsaoil má b'easpag é fear beannaithe na haibíde is é is dócha go mbeadh beannacht éigin sna focail dheireanacha a thiocthadh as a bhéal.

'Imigí abhaile anois, a dhaoine chóra,' arsa an seanfhear go hard is go piachánach i nGaeilge ghonta an tuaiscirt. 'Go bhféacha Dia anuas oraibh agus ar mhuintir Bhaile Átha Cliath agus go dtuga sé maiteachas daoibh agus go dtuga sé maiteachas do na heiricigh ainbhiosacha agus go n-osclaí sé súile na saoihbhléire agus na muintire a leanann iad. Imigí faoi shíocháin agus ná smaoinigí ar dhíoltas ach bíodh solas an chreidimh chóir in bhur gcroíthe i dtólamh.'

Murach na saighdiúirí agus a gcuid brúidiúlachta bheadh sé saortha ag an slua faoi seo, é féin agus an sagart bocht a bhí in éineacht leis. Is ea agus ainneoin fhocal an tsagairt, bhainidís díoltas amach chomh maith.

Ligeadh béic ar an seanfhear sa Sax-Bhéarla ó bhun an dréimire á rá leis gan a bheith ag gríosadh na ndaoine. Thost sé.

Tost uile a bhí ann anois amhail is gur aon duine amháin an slua agus an duine sin balbh. Is mó go mór a chuaigh an tost i bhfeidhm ar an bhfear ard ná an scréach mhór chaointe a lig na daoine astu nuair a chonaic siad

cloigeann an Easpaig ag teacht os cionn an tslua cúpla nóiméad roimhe sin agus é ag dreapadh an dréimire.

Ghearr na daoine comhartha na croise orthu féin. Thosaigh an bhean a bhí brúite suas lena thaobh clé ag paidreoireacht arís.

‘A Mhuire Mháthair, in uain seo na hanachana agus an dobróin, fóir ar do phobal brúite agus éist lenár nguí agus go dtuga Dia an tEaspag beannaithe chun na bhflaitheas agus sinn uile...’

Ba mhór an crá croí a cuid cráifeachais. Ach chaithfeadh sé a bheith carthanach. Bhí a shaol á leasú aige. Leag sé lámh go héadrom ar ghualainn na mná.

‘Áiméan,’ ar seisean.

Lean sise uirthi.

‘An chroch dhubh seo ar an gcnocán gurb é a ngeata chun na bhFlaitheas é. Is beannaithe é a thrasnán agus is beannaithe iad an dá phosta a bhfuil sé ina luí orthu, is beannaithe an rópa is is beannaithe an dréimire mar is ríbeannaithe an té atá á chur chun báis orthu agus is beannaithe faoi dhó an sagart óg atá in éineacht leis.’

Ligeadh béic eile ó bhun an dréimire. Chonaic sé an crochadóir á dhíriú féin. D’fháisc sé an dol ar mhúineál an tseanfhir. Ansin le neart iomlán a dhá lámh, bhrúigh sé amach ón dréimire é.

Lig an slua cnead mhór as. Ansin bhí tost ann. De réir a chéile, tosaíodh ar an gcaoineadh agus ar an screadach agus ar an ngolfairt. Fiú agus é ina fhear óg i nGaillimh, níor chuala sé gol nó uail chainte chomh géar ard nó chomh truamhéileach leis an gceann a raibh sé ag éisteacht anois

léi ag bun Chnoc Sheoirse ar an taobh ó thuaidh de Bhaile Átha Cliath. D'fhéach sé suas ar ábhar an chaoineacháin: an tseancholainn chaol san aibíd dhonn ag luascadh san aer mar a bheadh bábóg mhór bhriste. B'fhacthas dó go raibh an seachnámharlach ag gáire. Sin nó go raibh meangadh ar a bhéal.

‘Tá sé fós beo. Tá sé fós beo,’ a bhí daoine a rá timpeall air.

Dhún na scamail arís agus d'imigh an ghrian. D'éirigh an slua míshocair. Thosaigh siad ag brú chun tosaigh. Chuir sé a hata ar ais ar a chloigeann agus choinnigh air ag faire ar an dráma os a chomhair. Ba é seo a dheis.

D'oibrigh na giollaí ag bun na croiche go sciobtha, beirt acu ag breith ar an gcolainn, duine eile ag scaoileadh an dola, ansin an corp á leagan ar an mbord fada íseal. Bhí fear na tua ina sheasamh réidh.

Ba gheall le comhartha don slua é. Bhrúigh siad ar aghaidh d'aon mhaidhm amháin. Ní raibh aon choinne ag na giollaí ná ag na saighdiúirí leis. Is beag nár baineadh dá gcosa iad. An fear ard mar a chéile, baineadh dá threoir é. Bhí na mná uaisle tagtha chun tosaigh leis na bráillíní bána. Chaithfeadh sé slacht a chur air féin nó bheadh sé ró-dhéanach. Bhrúigh sé chun tosaigh.

Bhí an crochadóir tar éis teacht anuas. Bhí sé ina sheasamh anois os cionn cholainn an tseandúine agus scian mhór ina lámh. Ghearr sé trí aibíd an Easpaig leis an scian agus ansin sháigh sé an scian ina bholg agus ghearr suas go dtí an cliabhrach é. Thóg sé an scian fola amach agus sháigh sé a lámh isteach ina háit. Tharraing amach na



putóga. Bhí ar ghiolla eile iad a thógáil uaidh le caitheamh ar an tine mar bhí an slua ag brú chun tosaigh i gcónaí agus ní raibh ag éirí leis na saighdiúirí iad a choinneáil siar ón gcorp. Rinne an tine giosáil agus thosaigh boladh bréan an ionathair dhóite ag éirí san aer.

Thosaigh an fear ard ag guí faoina anáil san am céanna is a bhí sé ag guailleáil chun tosaigh. Cúpla duine curtha de aige agus bhí sé ina sheasamh san áit a theastaigh uaidh a bheith: in aice leis an mbord íseal ag breathnú anuas ar an gcolainn stróicthe fhuilteach. Bhí an crochadóir ar an taobh eile den bhord, a lámh á sá arís isteach i gcliabhach an fhir mhairbh aige agus an croí á stróiceadh amach. D'ardaigh sé os a chionn é. Bhí a lámh lán fola sa chaoi is nach bhféadfaí an croí a aithint ón dorn a bhí ag breith air agus braonacha fola ag sileadh ó bhun a uillinne.

‘Behold the heart of traitor,’ ar seisean go hard.

D'aithin an fear ard Béarla London. Ach, mar a chéile leis an gcuid eile den slua, ní raibh aon aird aige air. Bhí na mná ag leagan na mbráillíní bána timpeall an bhoird idir cosa na daoine. Lig na saighdiúirí leo agus leisce orthu bean uasal a shá nó a chlipeadh. Ba ghearr go raibh na bráillíní á ndorchú leis an bhfuil a bhí ag sileadh anuas ón mbord. Fad a bhí na daoine ag paidreoireacht bhí siad ag stróiceadh píosaí éadaigh le tomadh san fhuil. Thóg sé a scian féin amach as a phóca. Go sciobtha anois, ar seisean leis féin.

Rug sé ar lámh thanaí an fhir mhairbh. Go láidir agus go sciobtha theasc sé an lúidín di. Chuir sé an lúidín ina phóca. Rinne sé iarracht breith ar an lámh arís le méar eile

a bhaint ach bhí an bhean in aice leis tar éis í a sciobadh uaidh agus bhí sí á pógadh go díocasach.

‘Lámh an Easpaig a bheannaigh na mílte, tabhair dúinn leigheas ar ár gcuid aicídí, leigheas ar an mbrón, leigheas ar an anró, agus solas na bhflaitheas dár n-anamacha bochta ag deireadh ár saoil áiméan.’

Bhí a béal smeartha le fuil agus deora lena súile. Bhí na daoine thart uirthi smeartha mar a chéile agus ba chuma leo mar dar leo gur fuil naoimh í agus gur beannacht í teagmháil léi. Ná habair go bhfuil abláil déanta agam, ar seisean leis féin agus rinne sé iarracht breith ar an lámh arís. Ach bhí tuilleadh de lucht deabhóide ag brú timpeall air. Bheadh sé ina raic dá leanfadh sé air. Ba é an trua nach ndearna sé iarracht an lámh ar fad a bhaint. Ba chuma; b’fhéarr dó a bheith ag imeacht. Bhí dóthain ama curtha amú cheana aige.

Bhí na saighdiúirí ag brú na ndaoine siar le sáfacha a gcuid pící. Bhí siad ag éirí mífhoighneach leo agus duine eile acu le cur chun báis. Thosaigh siad ag maslú na mban agus ag leagan na bhfear go talamh.

‘Push them back to hell,’ a bhí duine den lucht riaracháin ag rá. ‘Animals. Push them back.’

Ainneoin a chruadhéanta a bhí sé níor thaitin a bhfaca sé leis an bhfear ard. Éire féin a bhí brúite faoi chois ag saighdiúirí Shasana. Bhí an ceart ag sagart Cheapside. Ba ghá rud éigin a dhéanamh.

Bhí fear na tua ina sheasamh ag ceann an bhoird anois. D’ardaigh sé an tua agus d’aon bhuille amháin bhain an cloigeann den cholainn. Thit an cloigeann anuas ar bhráillín bán agus thosaigh an fhuil ag sileadh anuas ón mant. Ba

ghearr go raibh bráillín bán eile á dhorchú. Sa ruaille buaille chonaic sé buachaill óg ag dul faoi chosa na saighdiúirí, ag breith ar an gcloigeann agus á sciobadh leis. Dá mhíle buíochas, rinne sé gáire.

Chas sé thart. Chuir sé an scian ar ais ina phóca agus thosaigh ag déanamh a bhealach ar ais tríd an slua. Ag dul in aghaidh na taoide a bhí sé anois. Nuair a bhain sé imeall an tslua amach, chuaigh sé díreach chuig an áit ar fhág sé a chapall ar phlásóg bheag féir os comhair sraith de thithe beaga ceann tuí. Bhí an capall fós ann agus an malrach caol ar thug sé an cúram dó fós ag breith ar a shrian.

‘Maith an fear,’ ar seisean leis an ngiolla agus é ag cur a láimhe ina phóca agus ag tabhairt dhá phingín dó.

‘Go raibh maith agat. Chonaic tú gach rud?’

‘Chonaic. Tá sé garbh go maith thuas ansin.’

‘Naomh eile ar na Flaithis anois,’ arsa an buachaill.

‘Más in a chaithfidh tú a dhéanamh le dul ar na Flaithis, táim ag ceapadh nach mbeidh an áit róphlódaithe. Ach buíochas le Dia tá bealaí eile ann.’

Bhí sé ar tí an srian a thógáil as lámh an ghiolla nuair a labhair duine taobh thiar de.

‘Gabh mo leithscéal,’ arsa an glór. ‘Chonaic mé faoin gcroch thú.’

Chas an fear ard thart. Fear beag cruinn a bhí roimhe, gléasta i gculaith dhubh. Duine de cheannaithe Bhaile Átha Cliath gan aon amhras.

‘An bhfuil aon seans gur éirigh leat aon taise a bhreith leat, aon chuid den cholainn bheannaithe, an sanctum corpus, abair?’

Níor shíl sé go mbeadh brabach ar a chuid oibre chomh sciobtha sin. Is é Dia féin a chas an fear seo ina threo.

‘D’éirigh, mar a tharlaíonn.’

‘B’in a shíl mé. Tá mo bhean tinn — an dtuigeann tú? — agus táim cinnte, an naomh nua seo againn féin, go leigheasfaidh sé í.’

‘Ach is chun m’úsáide féin é, a dhuine uasail. Tá turas fada le déanamh siar agam agus bhí mé ag brath ar an Easpag beannaithe mé a threorú agus mé a thabhairt slán, mar is iomaí baol idir seo is Gaillimh agus tá an aimsir seo a bhfuilimid ag maireachtáil ann lán contúirtí agus mioscaise.’

Bhí sin uile fíor. Go pointe. Ach theastaigh an t-airgead uaidh. Cén chaoi a bhféadfadh sé cabhrú le cúis na hÉireann mura raibh airgead aige?

‘Abair é. Céard go baileach a fuair tú?’

‘Ó a dhuine uasail, cuid dhlúth den fhear beannaithe. Nach leis a bheannaíodh sé na mílte. Nach leis a d’ardaíodh sé an chomhain naofa gach uile lá ó rinneadh sagart de. Nach leis a bheannaigh sé muid agus é ag dreapadh na croiche ansin ar ball beag.’

Ghearr sé comhartha na croise air féin.

‘Lámh an Easpaig! Solas na bhFlaitheas dá anam glégheal.’

Ghearr an ceannaí comhartha na croise air féin chomh maith céanna.

‘Thabharfainn airgead maith air sin a bheith agam mar tá mo bhean an-tinn agus is gaire dom í ná m’anam féin.’

‘Cé méad?’

‘Thabharfainn trí scilling air.’

‘Seacht scilling.’

‘Ó a Mhaighdean. Níl sé ceart a bheith ag margaíocht faoi thaisí naoimh. Comhairlítear dúinn gan brabach a dhéanamh ar nithe beannaithe.’

‘Sé scilling mar sin agus ní dhéarfaimid níos mó faoi.’

‘Ó a Mhaighdean Bheannaithe.’

Chuir an ceannaí lámh ina phóca agus thóg amach sparán. D’oscail béal an sparáin. Ba cheann costasach é de leathar marún, breacadh air agus ruógín de shíoda buí ann.

‘Anois,’ ar seisean, ‘Taispeáin dom an lámh bheannaithe.’

Thóg fear ard an hata leathain an mhéar amach as a phóca agus thaispeáin an stuimpín smeartha don cheannaí ar a bhos oscailte.

‘Ach níl ansin ach méar.’

‘Tusa a dúirt gur lámh a bhí agam. Ní dúirt mise gur lámh í. Ach is í méar an Easpag í chomh cinnte is gur liomsa an bhos a bhfuil sí ina luí uirthi.’

‘Is cuid den Easpag í, cuid den cholainn talmhaí agus d’áras an Spioraid Naoimh. Seo seo, margáil faoi nithe beannaithe níl sé ceart ná cóir. Seo, seo, tóg an sparán uile,’ ar seisean.

Shín sé an sparán chuig an bhfear eile go mífhoighneach amhail is go raibh sé trí thine.

‘Tá do chúig scilling ann agus fuilleach.’

‘Sé scilling a dúirt mé.’

‘Cúig scilling. Sin a bhfuil agam.’

‘Taispeáin dom.’

D'iompaigh an ceannaí an sparán agus chroith an t-airgead amach ar chroí a bhoise chun go bhfeicfeadh an fear eile é; cúig scilling agus sláimín toistiún agus pingin-eacha. Chroith an fear ard a cheann mar chomhartha go raibh sé sásta. Chuir an ceannaí an t-airgead ar ais sa sparán agus thug don fhear eile é.

Thóg fear an hata an sparán i lámh amháin fad a bhí an ceannaí ag tógáil an lúidín ó bhos na láimhe eile. Thóg an ceannaí ciarsúr gléghéal línéadaigh amach as a phóca agus d'fhill an mhéar go cúramach isteach ann. Ghearr sé comhartha na croise air féin arís, thug póg don chiarsúr, agus chuir an chiarsúr isteach ina phóca.

'Go bhfága Dia do shláinte agat,' ar seisean.

Shíl an fear ard an ceannaí a thomhas. Anois agus é ar ais in Éirinn níor mhór dó eolas a chur ar thuairimí na ndaoine.

'Tá a fhios againn anois cé hé an namhaid,' ar seisean, geall leis i modh ceiste.

'Tá a fhios. Níl aon amhras faoi sin anois. Tá na Sasan-  
aigh inár n-aghaidh ar bhealach nach raibh riamh roimhe  
seo, feictear dom, agus sin go míthrócaireach. Tá rud  
damanta déanta ag Chichester inniu, agus an riarachán uile.  
Damanta amach is amach. Is iad síol Ifrinn iad go cinnte.'

Le linn don cheannaí a bheith ag tabhairt na cainte sin in aghaidh na Sasanach bhreathnaigh an fear ard uaidh i dtreo na croiche. Bhánaigh a aghaidh. D'aithin sé duine a bhí ag siúl amach ón slua agus ag dul i dtreo na dtithe ísle ar imeall thall na plásóige. Rug sé go sciobtha ar an srian agus sciob as lámha an ghiolla é.

‘Lá maith agaibh,’ ar seisean go grod agus léim in airde ar an gcapall.

Chaith sé féachaint sciobtha thar a ghualainn agus chonaic an giolla óg ag féachaint aníos air, a bhéal ar leathadh le teann iontais.

‘Tabhair aire, a mhaicín,’ ar seisean anuas leis agus thug sé na spoir don chapall agus d’imigh leis amhail is gurb é Béalsabub féin a bhí ina dhiaidh.

Ainneoin gur baineadh geit as, gur cuireadh an croí trasna ann, le bheith fírinneach, bhí sé sásta. Ní cosúil go bhfacthas é. Agus bhí airgead faighte aige i gcomhair an turais. Dá mbeadh sé stuama go leor, ar ndóigh, d’fhéadfadh sé tuilleadh a fháil. Ach ní raibh an t-am aige. Bhí a chuid ordaithe faighte aige agus an chuma air go raibh sé díreach in am. Ná déan moill. Táthar ag súil leat thiar. Ná loic orthu.

Ná ní loicfeadh. Den chéad uair le fada bhí cúis aige. B’in é a dúirt sagart Cheapside leis. Tá cúis na hÉireann anois agat, ar seisean. Agus den chéad uair le fada bhí cúrsaí ag breathnú go maith. Cibé rud a dhéanfadh sé feasta ba ar son na hÉireann é, ar son na hEaglaise fire, ar son na córa. Ba chomhartha maith é gur éirigh leis an mhéar a dhíol chomh sciobtha sin agus praghas réasúnta a fháil uirthi freisin. Má ba pheaca é bhí sé cinnte go bhfaigheadh sé maithiúnas ann nó ‘maifeachas’, mar a dúirt an tEaspag. Theastaigh an t-airgead uaidh. Agus bheadh tuilleadh ann ach é déanamh mar a dúradh leis. Agus cá bhfios dá n-imreodh sé an cluiche i gceart an uair seo, nach n-éireodh leis Ceathrú na gCaorach féin a fháil. Rud nár éirigh lena

athair bocht a dhéanamh. Ach dhéanfadh seisean é, le cúnamh Dé.

Chas an giolla ar ais i dtreo na dtithe ísle ceann tuí ar imeall na plásóige. D'fhéadfadh sé go raibh seisean é féin buíoch. Bhí an naomh nua tar éis cúpla pingin a chur ina threo. Theastaigh siad go géar agus a mháthair ina baintreach le bliain agus lán tí de ghasúir aici níos óige ná é féin. Chuaigh sé síos lána cúng idir dhá bhinn tí i dtreo an tí aige féin, le súil, is dócha, go mbeadh a mháthair tagtha ar ais ón gcrochadh chun go bhféadfadh sé an dea-scéala a thabhairt di.

Ní raibh sé imithe trí choiscéim síos an lána nuair a cuir-eadh lámh timpeall a mhuiníl agus sracadh siar i ndiaidh a chúil é.

'Cá bhfuil a thriall?' arsa glór garbh tuaisceartach taobh thiar de.

Scanraigh an giolla. Bhí an lámh á fháisceadh mar a bheadh banda iarainn ar stéibh bhairille.

'Níl a fhios agam. Níl a fhios agam,' ar seisean de ghlór beag tachtaithe.

Is dócha gur thaitin an fear ard téagartha leis. Bhí sé fial. Ba dhuine gnaoiúil é. Agus b'fhacthas anois dó go raibh sé tar éis foláireamh a thabhairt dó. Ródhéanach. Fáisceadh tuilleadh é. Bhíothas á thachtadh.

'Siar. Siar a dúirt sé.'

Cuireadh bior scine lena bhráid.

'Cén áit thiar?'

Phrioc an scian é.

'Gaillimh,' arsa an giolla.



Fiú i ndorchadas an lána chúing, d'fhéadfadh sé go bhfaca an buachaill an bhricne fhairsing ar an lámh a bhí á fháisceadh. Is cuma an bhfaca nó nach bhfaca. Baineadh an scian dá bhráid agus in aon rop millteanach amháin sádh isteach faoina easnacha í.

Lig fear na scine don leadhb chaol cholainne titim go talamh.

‘Geospaláin Bhaile Átha Cliath,’ ar seisean ag tabhairt cic don chorp i gcaol a dhroma. ‘Níl maith do thadaí iontu.’

Bhreathnaigh sé anuas ar an marbhán caol sa léine smeartha a raibh an fhuil dhubh ag dathú an chuid uachtair di agus ag sileadh amach ar láib an lána.

Ansin shiúil sé leis go réchúiseach go dtí a chapall féin a bhí ceangailte ag bun an lána aige. Scaoil sé an srian, léim sé in airde, agus amach leis as an lána ar cosa in airde. Siar.

## 2

### An Cnag ar an Doras

‘Caithfidh sé a theacht anois. Tar éis a bhfuil déanta ag na Sasanaigh.’

‘Tá sé ar a bhealach cheana féin. Tá gach uile dhuine á rá. Agus leathchéad míle Spáinneach leis.’

‘Ó Néill,’ arsa leath de na scoláirí as béal a chéile.

‘Nár lige Dia,’ arsa an leath eile.

Caint ard agus go leor argóna a bhí faoi réim ag sos na maidine an lá cinniúnach úd, in earrach na bliana 1612. Chuala cuid acu na ráflaí ar an tsráid, cuid eile chuala siad iad ó Mhichael, giolla an Choláiste, giolla na feadaíola agus na scéalta uafáis. Bhí ciorcal mór déanta acu ag bun an ranga, cuid acu ina seasamh ar na binsí chun go mbeadh radharc acu ar an gcuid a bhí ag argóint i lár an chiorcail.

Mar b’iondúil leis, bhí Lúcas Ó Briain istigh ina measc. Chuir sé clannóg dá ghruaig fhionn siar lena lámh agus é ag faire ar a dheis an díospóireacht a chasadh treo eile, i dtreo an mhagaidh dá mb’fhéidir leis, mar níorbh annamh díospóireachtaí gan bonn agus foclaíocht gan taca ag cur leadráin ar Lúcas.

‘Ar éigean a chreidim é,’ ar seisean agus deis faighte sa deireadh aige a ladar a chur isteach.